Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8561/23**

**FIN 458**
**INST 131**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Ráiteas comhpháirteach maidir leis na dátaí don nós imeachta buiséadach agus módúlachtaí d'fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh in 2023 |

# DRÉACHTRÁITEAS COMHPHÁIRTEACH

## Dátaí don nós imeachta buiséadach agus módúlachtaí d'fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh in 2023

A. I gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcomhaontú idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha, le bainistíocht fhónta airgeadais agus le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar na príomhdhátaí seo a leanas don nós imeachta buiséadach 2024:

1. Féachfaidh an Coimisiún le Ráiteas ar Mheastacháin 2024 a chur i láthair faoi thús mhí an Mheithimh;

2. Gairfear cruinniú tríthaobhach an 18 Iúil (ar maidin), tar éis an seasamh ón gComhairle a ghlacadh;

3. Féachfaidh an Chomhairle lena seasamh a ghlacadh agus é a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa ag deireadh sheachtain 36 chun comhaontú tráthúil le Parlaimint na hEorpa a éascú;

4. Féachfaidh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Buiséid le vótáil ar leasuithe ar sheasamh na Comhairle faoi dheireadh sheachtain 40 (an chéad tseachtain i mí Dheireadh Fómhair);

5. Gairfear cruinniú tríthaobhach an 12 Deireadh Fómhair (ar maidin), roimh léamh Pharlaimint na hEorpa;

6. Vótálfaidh seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa ar a léamh i seachtain 42 (Seisiún iomlánach an 16 - 19 Deireadh Fómhair);

7. Cuirfear tús leis an tréimhse idir-réitigh an 24 Deireadh Fómhair. I gcomhaontú le forálacha Airteagal 314(4)(c) CFAE, rachaidh an t-am atá ar fáil don idir-réiteach in éag an 13 Samhain 2023;

8. Tiocfaidh an Coiste Idir-réitigh le chéile an 26 Deireadh Fómhair (ar maidin), arna óstáil ag Parlaimint na hEorpa agus an 10 Samhain arna óstáil ag an gComhairle (agus féadfaidh sé tosú an athuair de réir mar is iomchuí); déanfar seisiúin an Choiste Idir-réitigh a ullmhú trí chruinniú tríthaobhach /cruinnithe tríthaobhacha. Beidh an cruinniú tríthaobhach ar siúl an 26 Deireadh Fómhair (ar maidin). Féadfar cruinniú tríthaobhach /cruinnithe tríthaobhacha breise a ghairm le linn na tréimhse idir-réitigh 21 lá, lena n-áirítear an 9 Samhain agus an Chomhairle mar óstach.

B. Leagtar amach na módúlachtaí d'fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh i gCuid E den iarscríbhinn a ghabhann leis an gcomhaontú idirinstitiúideach thuasluaite.